

# Eleathanach238

Dé Luain 13 Meitheamh 2016

## Comórtas dainséarach: sa tóir ar an liathróid cáise!

Le níos mó ná 200 bliain, bíonn rás in Gloucestershire, Sasana, sa tóir ar liathróid cáise. Ritheann daoine síos *Cooper's Hill* ag iarraidh breith ar an gcáis roimh na daoine eile.

Bíonn ceithre rás do dhaoine fásta agus bíonn deis ag páistí páirt a ghlacadh freisin. Ní bhíonn ar na páistí an rás dainséarach a rith, ach ina áit ritheann siad suas an cnoc.

Tá an-spéis sa cháis sa cheantar sin i Sasana. Gach bliain i mí Bealtaine, i Stilton, bíonn féile ann chun cáis a cheiliúradh! Bíonn ceol agus damhsa ar na sráideanna agus bíonn bia deas ar fáil. Bíonn rás cáise ansin freisin ach ní bhíonn sé chomh dainséarach toisc go mbíonn sé ar na sráideanna!



Daoine ag rith i ndiaidh na cáise!



Píosa cáise

## Comórtas sacair Euro 2016 ar siúl

Tá craobhchomórtas sacair na hEorpa, *Euro 2016*, ar siúl sa Fhrainc faoi láthair. Beidh cluiche ag foireann na hÉireann Dé Luain i gcoinne na Sualainne.

Beidh dhá chluiche eile againn freisin i gcoinne na Beilge agus na hIodáile. Má éiríonn linn sna cluichí sin beidh muid sa chéad bhabhta eile. Má chailleann aon fhoireann sa bhabhta sin, beidh orthu dul abhaile.

I mbliana tá 24 foireann ag glacadh páirte sa chomórtas. Ag an deireadh seachtaine bhí an bua ag an bhFrainc. Ceapann daoine go mbeidh an bua acu sa chomórtas ach ní bheidh a fhios againn go dtí an cluiche ceannais ar an 10 Iúil.

Bhí an bua ag an bPolainn Dé Domhnaigh i gcoinne Thuaisceart Éireann.

## Scannán: *The Secret Lives of Pets*

Tá scannán sa phictiúrlann faoi láthair faoi na rudaí a dhéanann peataí nuair nach bhfuil daoine sa bhaile. Tá an scannán lonnaithe i Nua-Eabhrac. Is scéal é faoi mhadra darbh ainm Max. Tá Max an-sásta ina árasán go dtí go dtagann madra eile, Duke, isteach san árasán.

Bíonn Max agus Duke ag troid go rialta. Ach ansin cloiseann siad go bhfuil coinín agus ainmhithe eile crosta agus ag rá gur mhaith leo cónaí in árasáin freisin. Tugann na hainmhithe seo "*Flushed Pets*" orthu féin mar ghrúpa. Stopann Max agus Duke ag troid chun aghaidh a thabhairt ar na hainmhithe eile seo.

Is iad Chris Renaud agus Yarrow Cheney stiúrthóirí an scannáin. Bhí Chris Renaud ina stiúrthóir ar na scannáin sa tsraith *Despicable Me*. Bhí baint ag Yarrow Cheney leis an léiriúchán ar na scannáin sin freisin.

